# Scéal, Scéal, Scéal…

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**30 Meitheamh 2022** || Eagrán 103

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga…

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# ÓSTÁN CEADAITHE DON SPIDÉAL

Óstán an Chuain a bheas ar an óstán nua atá ceadaithe don Spidéal. Ar shuíomh díreach trasna ó Thrá na mBan atá an t-óstán le tógáil. Chomh maith le 81 seomra codlata, tá sé i gceist go mbeidh seomra mór le ócáidí a reáchtáil san óstán, chomh maith le háiseanna aclaíochta. Tógfar sé theach cónaithe ar chúl an óstáin agus beidh coinníoll teanga ar chúig cinn acu. Cé gur dhiúltaigh an Bord Pleanála don fhorbairt i 2018, de bharr nach mbeadh an córas séarachais sa Spidéal in ann déileáil leis an bhfuíolluisce, chuir An Ard-Chúirt an cinneadh sin ar ceal agus cuireadh an t-iarratas ar ais os comhair an Bhoird Pleanála. Siobhán Denvir, ó Na hAille, Indreabhán, agus a fear chéile, Rónán Barrett, atá ag plé leis an óstán atá beartaithe.

# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



# Turas Oidhreachta

## Dé Céadaoin 6 Iúil

## Mionbhus ag fágáil Séipéal na Tulaigh @ 9:30r.n.



Bád & Tobar Cholmcille



Teach an Phiarsaigh



Ionad Oidhreachta/Feamainne Leitir Mealláin



Reilig Bharr an Doire

Caithfí clárú roimh ré: optchoisfharraige@gmail.com (083 010 6294)

Costas: €10 (Turas & Lón san áireamh)

Is í an Ghaeilge teanga an imeachta seo.

# TURAS OIDHREACHTA

**Tá Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige, Cheantar na nOileán, Chonamara Láir agus An Cheathrú Rua tagtha le chéile le turas oidhreachta a reáchtáil ar an gCéadaoin 6ú Iúil. Cuirfear tús leis an turas ag Séipéal na Tulaigh @ 9:30r.n. áit a bheidh mionbhus ar fáil do rannpháirtithe an turais. Beidh aoichainteoirí den scoth ar an turas le go leor eolais agus scéalta suimiúla faoi na suíomhanna ar an turas - Bád & Tobar Cholmcille, Teach an Phiarsaigh, Ionad Oidhreachta & Feamainne Leitir Mealláin agus Reilig Bharr an Doire. Cuirfear sóláistí agus lón ar fáil freisin. Le d'ainm a chur síos, ní mór teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com Caithfí clárú roimh ré. Tá spásanna teoranta!**



# Babaí ar an mBealach

## Ceardlann eolais réamhbhreithe do lánúineacha atá ag iompar clainne

- Ag ullmhú don pháiste
- Céard a bheidh i do mhála ospidéil
- An mháthair agus an t-athair a chur ar a gcompord
- Na chéad chúpla lá ag an bpáiste sa mbaile

Beidh daoine éagsúla i láthair a bhfuil taithí agus saineolas acu faoi bheith ag iompar clainne agus ag tabhairt páistí ar an saol.

## Dé Sathairn 2 Iúil @ 12 meán lae
## Ionad Splanc, An Cheathrú Rua

Tuilleadh eolais & clárú: eolas@tuismitheoiri.ie

Is ócáid eolais é seo le cúnamh a thabhairt do lánúineacha sna roghanna éagsúla atá le déanamh acu agus iad ag súil le páiste.

Is í an Ghaeilge teanga na hócáide.

S20 Ár dTeanga, Ár bPobal

Údarás na Gaeltachta

Tuismitheoirí na Gaeltachta

# CLUB SCANNÁN NA GAELTACHTA

Is gearr go mbeidh An Cinema Gaelach - club scannán do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge - ar oscailt! Comhthogra de chuid Tuismitheoirí na Gaeltachta agus TG4 atá ann. Seo an chéad chlub scannán i nGaeilge do theaghlaigh sa tír - ar domhan go deimhin! Beidh sceideal iomlán á fhoilsiú ag Tuismitheoirí na Gaeltachta go luath agus is iomaí scannán iontach a bheas á thaispeáint in ionaid ar fud na Gaeltachta. Leagan Gaeilge de scannán teaghlaigh a bheas i gceist, gan fotheidil, ar scáileán mór. Tabharfar deochanna agus grán rósta do na teaghlaigh – amhail is gur ag an bpictiúrlann féin a bheidís! Beidh polasaí teanga na heagraíochta i bhfeidhm mar is gnáth le timpeallacht iomlán Gaelach a chruthú do na gasúir.



Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le eolas@tuismitheoiri.ie

# RÉALTAÍ SAMHRAIDH

Tá tús curtha le Réaltaí Samhraidh 2022. Is clár léitheoireachta náisiúnta do leanaí é Réaltaí Samhraidh a bheas ar siúl go dtí deireadh mí Lúnasa. Tugtar cuireadh do gach leanbh ar fud na tíre páirt a ghlacadh san eachtraíocht agus taitneamh a bhaint as spraoi agus pléisiúr na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta le linn laethanta saoire an tSamhraidh. Is féidir cárta léitheoireachta a fháil ó do leabharlann áitiúil le taifead a choinneáil ar na leabhair atá léite agat.



# TAIBHEALAÍONA & TRAIDISIÚIN BHÉIL NA GAEILGE

**Tá Ollscoil Mhá Nuad sa tóir ar ealaíontóirí cruthaitheacha don sruth MA Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil. Sruth MA Nua-Ghaeilge do scoláirí cruthaitheacha atá ann. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin gcúrsa ach teagmháil a dhéanamh le Tríona Ní Shíocháin, ag triona.nishiochain@mu.ie Is féidir teacht ar fhíseán eolais faoin gcúrsa ar shuíomh idirlín na hollscoile freisin. Glacfar le hiarratais don chúrsa go dtí 31 Iúil 2022.**



# RÉALTA TEILIFÍSE NUA AG TEASTÁIL Ó FÍBÍN

**Tá Meangadh Fíbín sa tóir ar dhaoine óga don chlár 'Is Mise' a bheas á thaifeadadh acu go luath. Daoine óga breá cainteacha, muiníneacha agus fuinniúla, idir 6-10 mbliana d'aois atá ag teastáil. Le suim a léiriú, ní mór físeán gearr (1-2 nóiméad) a thaifeadadh ag tabhairt cur síos ort féin agus ar an gcaitheamh aimsire is fearr leat. Is féidir an físeán a sheoladh chuig eolas@fibinmedia.ie nó ar WhatsApp ar 085 138 9582**

**Go n-éirí libh a chairde!**



# TÚINEANNA TRAIDPHICNICE

Aireoidh muid uainn Traidphicnic go mór i mbliana agus is ócáid álainn, thaitneamhach í a tharraingíodh an pobal le chéile agus a chuireadh tús ceolmhar leis an samhradh. Ócáid thábhachtach a bhí ann i bhféilire Cheoltóirí Óga Chois Fharraige agus b'álainn an radharc é na t-léinte gorma a fheiceáil fud fad an Spidéil le linn an deireadh seachtaine. Ní scaoilfidh na daoine óga an deireadh seachtaine tharstu gan é a mharcáil agus tá sé i gceist acu teacht le chéile i dTigh Chualáin ar an Aoine, an 1ú Iúil le Traidphicnic a cheiliúradh. Cuirfear tús leis an oíche ag 7.30i.n mar a fhágfar slán le ceoltóirí Rang a Sé a bheidh ag dul ar aghaidh go dtí grúpa na ndéagóirí. Cuirfear tús le seisiún mór ag 9i.n

Beidh fáilte roimh chách, idir óg agus aosta ach a chinntiú go mbeidh duine fásta in éineacht le gasúir.



# CAMPAÍ CAMÓGAÍOCHTA

Tá sé socraithe ag Cumann Camógaíochta Chois Fharraige campa camógaí a reáchtáil do chailíní an cheantair ar Pháirc an Chnoic, idir Luan 18 agus Aoine 22 Iúil. Ní amháin go mbeidh scileanna leis an gcamán is an sliotar á chleachtadh i gcaitheamh na seachtaine, ach beidh ceol, ceardaíocht agus cadhcáil ar bun chomh maith ag na cailíní a bheas páirteach sa gcampa.



Tá an campa oscailte do chailíní ó aois sé bliana suas. Is féidir breis eolais a fháil ach glaoch ar Mháirtín Ó Dubhghaill ag 086 4084 033, nó ar Mhartina Ní Ghabháin ar 087 6372 941.





**Gasúir Chois Fharraige ag an gcampa drámaíochta Ruaille Buaille i Scoil Sailearna an tseachtain seo. Tá obair iontach ar siúl ag na gasúir ag ullmhú don taispeántas ag Seanscoil Sailearna an tseachtain seo chugainn.**

**Treise libh, a chairde!**

# NA BREATHNAIGH SA GCLUICHE CEANNAIS

Ar an Satharn 2 Iúil, a bheidh peileadóirí idirmheánacha ó Chumann Micheál Breathnach ag dul chun páirce in aghaidh Mainistir Mhuine Mheá i gCluiche Cheannais na Gaillimhe (Sraith 3). In Anach Cuain a bheas an cluiche á imirt ag tosú ag 6.30i.n. Sa gcluiche leathcheannais bhuail Na Breathnaigh an dara foireann ó Chora Finne le trí chúilín. Má bhíonn an bua ag foireann na Gaeltachta beidh Na Breathnaigh ag imirt i Roinn 2 den Sraith an chéad bhliain eile.



# COMÓRTAS CISPHEILE

Reáchtáladh Comórtas Cispheile do Chailíní idir bunscoileanna an cheantair, le gairid i Scoil Sailearna, i gcuimhne ar iar-scoláire de chuid na scoile, Orla Ní Neachtain. Ghlac na scoileanna seo a leanas páirt sa gcomórtas: Scoil Mhic Dara, An Cheathrú Rua; Scoil Cholmcille, An Tulach; Scoil Éinne, An Spidéal; Scoil na bhForbacha; Scoil Náisiúnta Thír an Fhia; Gaelscoil Dara, An Rinn Mhór agus Scoil Sailearna, Indreabhán. Scoil Sailearna agus Scoil Náisiúnta Tír an Fhia a bhí sa gcluiche ceannais agus is ag an bhfoireann baile, cailíní ó Rang a Sé i Scoil Sailearna, a bhí an bua ag an deireadh.

